C/2026/3486

1.7.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12425 — VOLKSWAGEN / RHEINMETALL / KS HUAYU ALUTECH)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/3486)

1. An 24 Meitheamh 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Dr. Ing. h. c. F. Porsche AG ('Porsche', an Ghearmáin), ina fhochuideachta indíreach de Volkswagen Aktiengesellschaft ('Volkswagen Group', an Ghearmáin), atá faoi rialú deiridh Porsche Automobil Holding SE ('Porsche SE', an Ghearmáin),

— Rheinmetall AG ('Rheinmetall', an Ghearmáin),

— KS Huayu AluTech GmbH ('KS Huayu AluTech', an Ghearmáin), atá faoi rialú comhpháirteach Rheinmetall agus Huayu Automotive Systems (Shanghai) Co., Ltd. (an tSín) faoi láthair.

Gheobhaidh Porsche agus Rheinmetall rialú comhpháirteach ar KS Huayu AluTech de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is monaróir gluaisteán é Porsche a dhéanann speisialtóireacht i bhforbairt, táirgeadh agus díol gluaisteán spóirt, SUVanna agus carr salúin ardfheidhmíochta. Tá Volkswagen Group gníomhach ar fud an domhain maidir le gluaisteáin paisinéirí, feithiclí tráchtála éadroma, trucailí, busanna, cóistí, fonnadh do bhusanna agus d'innill díosail, agus gluaisrothair a fhorbairt, a mhonarú, a mhargú agus a dhíol, lena n-áirítear páirteanna spártha agus gabhálais do gach ceann acu, Is cuideachta sealbhaíochta é Porsche SE a bhfuil infheistíochtaí aige i réimsí na soghluaisteachta agus na teicneolaíochta tionsclaíche,

— Is cuideachta teicneolaíochta agus cosanta é Rheinmetall a dhíríonn ar fheithiclí míleata, airm agus armlón, braiteoirí, córais leictreonacha, agus teicneolaíochtaí cosanta gaolmhara a fhorbairt agus a tháirgeadh d'fhórsaí armtha ar fud an domhain, agus gníomhaíochtaí i dteicneolaíochtaí mótarfheithiclí agus soghluaisteachta á gcoinneáil ar bun ag an am céanna,

— Is soláthróir gluaisteán é KS Huayu AluTech a dhéanann speisialtóireacht i dteilgean alúmanaim ardleibhéil le haghaidh comhpháirteanna éadroma do ghluaisteáin paisinéirí agus d'fheithiclí tráchtála.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12425 — VOLKSWAGEN / RHEINMETALL / KS HUAYU ALUTECH

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË